Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 10

17 Samhain 2017

Grianghraif

Glacadh grianghraif de ranganna na chéad bhliana tamall ó shin.

Glacadh grianghraif dóibh ina ngrúpaí 1J, 1S agus 1L. Beidh siad an-deas mar chuimhne ar cé chomh gleoite is a bhí na daltaí sa chéad bhliain.

Peil Ghaelach

D'imir foireann na mbuachaillí faoi 17 cluiche peile in aghaidh St. Farnans. Faraor chaill siad ach bhí gach duine an-sásta leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an bhfoireann. Imreoidh siad in aghaidh Cnoc an Phíobaire ar an Luan.

Victor's Dung

Comhghairdeachas le Brian a bhuaigh duais don aisteoir is fearr ag féile drámaíochta i nGuaire ag an deireadh seachtaine. Ainmníodh an dráma a bhfuil sé páirteach ann, Victor's Dung, mar an dráma is fearr freisin.

Gaeilge 24

Bhí ócáid iontach ann sa scoil do 'Gaeilge 24' Dé Máirt (14 Samhain). Bhí tuairim is 50 dalta ó Rang a Sé sna bunscoileanna áitiúla i láthair mar aon le daltaí ón gcéad bhliain, ón dara bliain agus cinnirí na scoile.

D'eagraigh an Coiste den Ghaelbhratach cluichí agus píotsa don ócáid mhór. Tá ardmholadh ag dul don choiste as na himeachtaí a eagrú. Bhí Lucy, Ellen, Éabh agus Latoya lárnach sna himeachtaí.

Bréagagallaimh

Comhghairdeachas le Comhairle na dTuismitheoirí agus an Roinn Gairmthreorach as oíche den scoth a eagrú aréir dár séú bliain. Tá ardmholadh ag dul do na hagallóirí a thug a gcuid ama go fial agus go deonach chun an taithí agallaimh a thabhairt do na daltaí. Taithí iontach saoil a bhí ann.

Scrúduithe Tí

Tosóidh na scrúduithe tí ar an Déardaoin (23 Samhain) agus leanfaidh siad ar aghaidh go dtí an Máirt (28 Samhain).

Gnáth laethanta scoile iad seo. Ba cheart go mbeadh na daltaí ar scoil ag 9:00 agus ag fágáil ag 15:50 mar is gnách.

Má tá dalta as láthair, ní bheidh seans eile na scrúduithe a dhéanamh níos déanaí.

Bíodh an trealamh iomlán agaibh libh: pinn ghorma / dhubha, áireamhán, rialóir, peann luaidhe, pinn daite, scriosán srl. Ní bheidh cead ag daltaí trealamh a roinnt i rith scrúdaithe.

Go n-éirí libh ar fad sna scrúduithe.

Béal Feirste

Rachaidh daltaí 4C ar a dturas go Béal Feirste ar an Déardaoin go dtí an Aoine. Rachaidh 4S an mhí seo chugainn ar an 11/12 Nollaig.

IT Ceatharlach

Thug daltaí na hIdirbhliana cuairt ar IT Ceatharlach ar an Déardaoin. Turas an-fhiúntach a bhí ann agus d'fhoghlaim said a lán faoi na cúrsaí atá ar fáil dóibh.

Sacar na gCailíní

Bhí bua mór ag foireann na gcailíní ar an Déardaoin. Fuair said an ceann is fearr ar Cnoc an Phíobaire 5-1.

Lúthchleasaíocht

Comhghairdeachas le Tadhg Ó Muireartaigh a chríochnaigh sa tríú háit i gCraobh Scoileanna na hÉireann le déanaí.

Dátaí Tábhachtacha

21 Samhain: Turas Ceoil Tchaikovsky.

21 Samhain: Cluiche camógaíochta.

22 Samhain: 3J ar thuras OSSP chuig na Cúirteanna Coiriúla Breithiúnais.

23-24 Samhain: 4C i mBéal Feirste.

23-28 Samhain: Scrúduithe scoile.

1 Nollaig: Comórtas Scléip.

5 Nollaig: Bliain 6 ag an Dráma An Triail.

7 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 6 (4:15 – 6:45).

11-12 Nollaig: 4S i mBéal Feirste.

14 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 3 (4:15 – 6:45).

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: **"Ní dhéanfaidh smaoineamh an treabhadh duit"**

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 10

17 November 2017

Photographs

Photographs were taken of the first year classes on Monday.

They were photographed in their groups 1J, 1S and 1L. It will be nice to remember how lovely the students were in first year.

Gaelic Football

The boys under 17 Gaelic football team played against St. Farnans.

Unfortunately, they lost the game but everyone was very pleased with the progress the team is making. They will play against Pipers Hill on Monday.

Victor's Dung

Congratulations to Brian who won the prize for the best actor at the Gorey drama festival last weekend. The play he performs in, Victor's Dung, won best drama.

Gaeilge 24

There was a brilliant event in the school for 'Gaeilge 24' on Tuesday (14th November). There were approximately 50 students from sixth class in the local primary schools in attendance as well as students from first year, second year and the school prefects.

The Gaelbhratach committee organised games and pizza for the big event. The committee, in particular Lucy, Ellen, Éabh and Latoya, deserve great praise for organising the event.

Mock Interviews

Congratulations to the Parents' Association and the Guidance Department for organising a great event last night for the sixth years. High praise goes to the interviewers for giving their time so freely.

House Exams

The house exams will begin on Thursday (23rd November) and will continue until Tuesday (28th November).

These are normal school days. Students should be at school no later than 9:00 and will leave at 15:50 as per usual.

If students are absent, they won't have another opportunity to do the exams at a later date.

Could students please ensure they have all equipment with them: blue / black pens, calculator, ruler. Pencil, colouring pencils, eraser etc. Students may not share equipment during an exam.

Good luck to all in the exams.

Belfast

Students from 4C will go on a trip to Belfast on Thursday through Friday. 4S will go next month on the 11/12 December.

Carlow IT

Transition Year students visited IT Carlow on Thursday. It was a very worthwhile trip and they learned much about the courses which are available to them.

Girls' Soccer

The girls' soccer team had a big win on Thursday. They got the better of Pipers Hill on a score of 5-1.

Athletics

Congratulations to Tadhg Ó Muireartaigh who finished in third place in the All Ireland Schools Finals recently.

Important Dates

21 November: Tchaikovsky music trip.

21 November: Camogie match.

22 November: 3J on an OSSP trip to the Criminal Courts of Justice.

23-24 November: 4C in Belfast.

23-28 November: School Exams.

1 December: Comórtas Scléip.

5 December: Sixth year go to the drama An Triail.

7 December: 6th year Parent-Teacher meetings (16:15 – 18:45).

11-12 December: 4S in Belfast.

14 December: 6th year Parent-Teacher meetings (4:15 – 6:45).

All up-to-date information available on www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: "You'll never plough a field turning it over in your mind"